




Seachtain na Gaeilge le enErgia

glór na móna
Pobal & Óige



# Clár Sheachtain na Gaeilge 2022



Anois teacht an Earraigh
Beidh an lá dúl chun síneadh,
Is tar eis na féil Bríde
Ardóigh mé mo sheol.
- *Antoine Ó Raifteara*í

## Focal ón Fhoireann

Go raibh sonas agus solas oraibh a chairde Gael agus muid mar fhoireann breá tógtha le sraith imeachtaí de chuid Seachtain na Gaeilge a sheoladh. Is deacair a chreidbheáil go bhfuil muid tágtha slán i ndiaidh bliain eile a chaitheamh faoi smacht agus srianta na pandéime, go háirithe agus muid faoi dhianghlásail faoin am seo den bhliain anuraidh! Mar sin, is le dóchas a chuireann muid coicís d'imeachtaí spreagúla ar fáil daoibh idir imeachtaí teaghlaigh, pobail is teanga. Ina measc, beidh dianchúrsa Gaeilge, imeachtaí teaghlaigh is óige is roinnt mhaith ábhair machnaimh is foghlama fríd dhá pléphainéil ar streachailt phríosúin na Ceisa Fada atá bunaithe ar trí dírbheathaisnéis úr fán tréimhse corraitheach staire sin; léiriú don scannán iomráiteach ar Shagart an Phobail Radacach an tAthair Des Wilson; seoladh leabhráin oidhreachta s'againn fá stair na Reiligí in Iarthar na Cathrach, is lainseáil éisiach ar phodchraoladh úr 'Glórtha Ciotacha' ina measc. Is cinnte go mbeidh ar a laghad imeacht amháin luaite sa chlár seo fóirsteanach do ghach ball phobail agus tá muid ag dúil go mór libh a fheiceáil le linn Seachtain na Gaeilge. Bígí Linn!

We wish to extend a warm welcome to you all in celebrating the launch of our programme of events for Seachtain na Gaeilge 2022. It is certainly hard to believe that in celebrating the beginning of our 2022 programme of events that we find ourselves in a much more positive and stable position to present live events after spending another year faced with pandemic regulations and guidelines; especially since we were in lockdown this time last year! Therefore, we are delighted to present a fortnight of exciting events including family fun days, community and language events. We will have an Irish language crash course, excellent family and youth events and some fantastic opportunities for learning and reflection through two discussions on the Long Kesh prison struggle based on three acclaimed and recently released autobiographies from the period; a public showing of fantastic film



## Dianchúrsa Gaeilge

*An Satharn 5ú Márta 2022, 10:30r.n - 15:00i.n.*

**Imeacht Beo (Ag brath ar srianta Covéide)**

Beidh Glór na Móna ag reáchtáil dianchúrsa lae do Sheachtain na Gaeilge a bheas ag freastal ar gach leibhéal; Bunrang, Meánrang, Ardrang

## Intensive Irish Course

*Monday 5th March 2022, 10:30am - 15:00pm.*

**In Person (Covid-19 guidelines permitting)**

Glór na Móna are organising a one-day intensive crash course for Irish language learners as part of Seachtain na Gaeilge that will cater for all levels; Beginners, Intermediate, Advanced

*Am: 10:30r.n - 15:00i.n*
*Áit: Gael-Ionad Mhic Goill, Glór na Móna*

*Teagmháil: gearoidin@glornamona.com*

**Costas: £10 le lón**



## Writers from the Blocks

### Léamh agus Pléphainéal le Jaz McCann agus Laurence McKeown

*An Luan 7ú Márta 2022, 7.30i.n.*

**Imeacht Beo (Ag brath ar srianta Covéide)**

Léifidh iar-cimí poblachtanacha, Jim 'Jaz' McCann agus Laurence McKeown sleachta as a gcuid beathaisnéisí iomráiteacha '6000 Days' agus 'Time Shadows, a Prisoner Memoir' a chuireadh i gcló le déanaí. Leanfar seo le séisiún pléphainéal.
**Beidh deis ann leis na leabhair a ceannacht ar an oíche.**

## Writers from the Blocks

### Memoir Reading and Panel Discussion with Jaz McCann and Laurence McKeown

*Monday 7 March 2022, 7.30pm*

**In Person (Covid-19 guidelines permitting)**

Republican Ex-Prisoners Jim 'Jaz' McCann and Laurence McKeown will read extracts from their recently released and highly acclaimed autobiographies, 6000 Days and Time Shadows, A Prison Memoir and this will be followed by Questions and Answers and discussion.
**Their books will be available to purchase at the event.**

*Am: 7.30 i.n.*
*Áit: Áras Uí Chonghaile*
*Teagmháil: feargal@glornamona.ie*



## Turas Treoraithe thart ar Reilig na Cathrach

### agus Seoladh Leabhráin 'Reilig Chathair Bhéal Feirste'

*An Chéadaoin 9ú Márta 2022*

**9.30r.n.** – Turas Treoraithe ag toiseacht ag Bungheata na Reilige
**11.00 r.n.** – Seoladh Leabhráin ag Gaelionad Mhic Goill

Glacfaidh an múinteoir Gaelscoile agus údár an leabhráin 'Reilig Chathair Bhéal Feirste' Seán Fennell turas treoraithe trí mheán na Gaeilge thart ar Reilig Chathair Bhéal Feirste agus ansin seolfar an leabhrán go hoifigiúil i nGaelionad Mhic Goill leis an Tom Hartley.

## Guided Tour of Belfast City Cemetery

### and Launch of Educational Booklet

*Wednesday 9th March 2022*

**9.30 a.m** – Guided tour beginning at the bottom gate of the City Cemetery
**11 a.m.** – Launch of the Educational Booklet at Gaelionad Mhic Goill

The Irish medium schoolteacher and author of this new educational booklet, Seán Fennell, will take a guided tour in Irish of Belfast City Cemetery and the booklet will then be officially launched in Gaelionad Mhic Goill with Tom Hartley.

*Am: 9.30 r.n*
*Áit: Bottom Gate of the City Cemetery*
*Teagmháil: feargal@glornamona.ie*



**Léiriú Scannáin**

## Fr. Des - The Way He Saw It

*An Chéadaoin 9ú Márta 2022, 7.30 i.n.*

Eagraíthe i gcomhar le Springhill Community House mar chuid dá gcomóradh 50 bliain. Cuirifidh stiúrthóir an scannáin, Vincent Kinnaird, an scannán faisneise in iúl bunaithe ar shaol an tSagairt, Des Wilson. Sagart le dearcadh sóisialach a bhí ann, toisc gur mhothaigh sé go raibh sé de dhualgas aige ar a aistear críostaí ná tarraingt siar ó chliarlathas na heaglaise agus dul i mbun oibre agus abhcóideachta le pobal a bhí go mór i mbaol de bharr na trioblóidí ó 1969 ar aghaidh. Fear iontach, éachtach a bhí ann.

**Film Showing**

## Fr. Des -The Way He Saw It

*Wednesday 9 March 2022, 19:30*

Organised in partnership with Springhill Community House as part of their 50th anniversary celebrations. Director, Vincent Kinnaird will introduce his feature documentary on the the life of Father Des Wilson, a priest with a socialist outlook, who in following the path of Jesus, felt it necessary to disengage from Church hierarchy, embedding himself in a community that needed help in the trouble torn Belfast from 1969 onwards. An extraordinary man in extraordinary circumstances.

*Am: 19.30 r.n*
*Áit: Glór na Móna*
*Teagmháil: feargal@glornamona.ie*



**Scríbhneoirí an tSléibhe**

## Dianchúrsa Scríbhneoireachta Pobail

*Oíche Dhéardaoin 10ú Márta 2022, 18:00 - 21:00*

Cuir tú féin in iúl trí scríbhneoireacht; chruthaitheach, Filíochta, Gearrscéalta, Cuimhní cinn nó dramaí! Is gníomhaíocht theiripeach an Scríbhneoireacht chruthaitheach a chuireann chun cinn féin léiriú agus sláinte. Beidh an scríbhneoir iomráiteach Gaeilge Seán 'John-Boy' Ó Muireagáin ina éascaitheoir ar an chúrsa.

*Am: 18:00 - 21:00*
*Áít: Áras Uí Chonghaile*
*Teaghmháil: gearoidin@glornamona.com*
**Saor in aisce**

## Seoladh agus Craoladh Beo de Glórtha Ciotacha

### le Dr. Síobhra Aiken

*An Aoine 11ú Márta 2022 ar 1.00 i.n.*

Deánfar athsheoladh ar phodcraoladh de chuid Glór na Móna dar teideal 'Glórtha Ciotacha' agus cuirfear aíonna iomráiteacha le sáineolas sa stair, sa pholaitíocht, san fhealsúnacht, sa sochtheangeolaíocht agus aráile faoi agallamh.
Mar chomóradh ar an athsheoladh, beidh Dr. Síobhra Aiken ó Roinn na Gaeilge in Ollscoil na Banríona ag caint leis an Dr. Órla Nig Oirc, nua-chéimí de chuid Oillscoil na Baríona, faoina aistear teanga agus oideachais féin agus an ról úr s'aici mar bhean léinn. Is í an spríoc leis an sraith seo ná forbairt phobail agus cleachtas sa rannpháirteachas daonlathach a eascú a chuimsíonn plé agus díospóireacht chruthaiteach, cuiditheach, feasach ag leibheál an phobail.

## Relaunch and Live Podcast Recording of Glórtha Ciotacha

### with Dr. Síobhra Aiken

*Friday 11th March 2022, 1.00pm*

Glór na Móna's podcast 'Glórtha Ciotacha' is a series of public interviews with prominent activists, writers and academics covering topics including history, politics, philosophy, sociology, sociolinguistics, health and environment. The podcast will be relaunched with a live podcast recording in Gaelionad Mhic Goill. Dr. Síobhra Aiken from Queen's University's Irish Department will join Dr. Órla Nig Oirc, a recent doctoral graduate of Queen's University to talk about her language and educational journey as well as her new role in Queen's and life as a female academic.
The aim of this podcast is to help facilitate community growth and participatory democracy practices by fostering informed, inclusive, creative and constructive debate, discussion.

*Am: 13.00*
*Áit: Gaelionad Mhic Goill, Glór na Móna*
*Teagmháil: Orla@glornamona.com*




**Seoladh Leabhair:**

## PLUID- Scéal na mBlocanna H

**le hEoghan 'Gino' Mac Cormaic**

*An Luan 14ú Márta, 19.30 i.n.*

Beidh an gníomhaí Teanga Eoghan Mac Cormaic ag léamh ón leabhar nua s'aige cuntas pearsanta s'aigr ar tréimhse feachtas an Phluid i bPríosúin an Cheis Fhada. Léiriú soiléir do bhruidiúlacht ina choinne ón Stáit agus an cairdeas agus comrádaíocht idir na cimí a chuidigh leo an fód a sheasann sna laethanta dubha 1976-81.

**Book Launch:**

## PLUID Scéal na mBlocanna H

**le hEoghan 'Gino' Mac Cormaic**

*Monday 14th March, 19.30pm*

Irish language activist Eoghan Mac Cormaic will read from his new autobiography and personal account of the period of the Blanket protest in Long Kesh Prison. Eoghan recounts the State's brutality against him and his fellow PoWs during those years, 1976-1981, but demonstrates how friendship and comradeship help them stay the course

*Áit: Gaelionad Mhic Goill*
*Am: 19.30pm*
*Teagmháil: feargal@glornamona.com*

## Suí s' Scith -
### Cóisir & Ceilúradh
*16ú Márta 2022, 10:00r.n - 12:00i.n*

Cóisir & Ceillúradh,  Lá glas le gníomhaíochtaí bunaithe are Lá Fhéile Pádraig.
Fun Morning with activities celebrating St Patrick's Day.  All members of the family are welcome to come along on a morning  join in the fun.

*Áit: Gael-ionad Mhic Goill, Glór na Móna*
*Am: 10:00 - 12:00*
*Teagmháil: Gearoidin@glornamona.com*

---

## Ióga le Nuala
### Imeacht Beo (Ag brath ar srianta Covéide)
*Gach Oíche Luain ag tosú 14/2/22, 18:00 - 19:00*

Beidh rang Ióga 6 seachtaine ag titim amach le Gael agus teagascóir Ióga áitiúil, Nuala Ní Scolláin. Tá Nuala paiseanta faoi agus tugtha do na buntáistí a bhaineann le Ióga don chorp agus anam. Bíonn Nuala i mbun ranganna ióga dátheangacha in iarthar agus i dtuaisceart Bhéal Feirste. Bí linn don rang seo a bheas fóirsteanach do gach leibhéal cumais.

## Yoga with Nuala
### In Person (Covid-19 guidelines permitting)
*Every Monday evening starting 14/2/22, 18:00 - 19:00*

We will be hosting a block of  6 yoga classes with Nuala Ní Scolláin, a local Gael and Yoga Instructor. Nuala is extremely passionate about the benefits of yoga for an individual's physical and mental health. Nuala regularly teaches bilingual yoga classes in Irish language centers across West and North Belfast. Join us for this special yoga session which will be suitable for all levels.

*Áit: Newhill Youth & Community Centre*
*Am: 18:00 - 19:00*
*Teagmháil: gearoidin@glornamona.com*



## Foghlaim na Feadóige

**Imeacht Beo (Ag brath ar srianta Covéide)**

*Gach Oíche Chéadaoine ag tosú 23/2/22, 17:30 - 18:30*

Beidh Rang Fheadóg Stáin le Niamh Nic Ionnrachtaigh ag tosúz, 23/2/22. Is ceantar Chnoc Dhiarmada do Niamh San uachtar chluanaí. Is múinteoir scoile í atá ag teagasc i gColáiste Feirste fá lathair. Is peileadóir idirchontae í a bhíonn ag imirt le Naomh Pól agus Aontroim. Le cois, is ceoltóir eirimiúil í a bhíonn ag seinm ar na feadóigí is piobaí uilleann.

## Tin Whistle class

**In Person (Covid-19 guidelines permitting)**

*Every Wednesday Evening starting 23/2/22, 17:30 - 18:30*

Tin Whistle Class with Niamh Nic Ionnrachtaigh will start on Wednesday 23/2/22. Niamh is from Dermott hill in the Upper Springfield Area. She is a school teacher who teaches in Coláiste Feirste at present. She is an intercounty footballer who plays for St Paul's and Antrim. She is also an accomplished musicians and plays whistles and the uilleann pipes

*Áit: Gael-Ionad Mhic Goill, Glór na Móna*
*Am: 17:30 – 18:30*
*Teagmháil: gearoidin@glornamona.com*

*Costas: £10 do chúrsa 6 seachtaine / £10 for a 6 week course*
**Beidh an rang fóirsteanach do pháistí rang 5 ar aghaidh**
**This class will be suitable for children in P5 +**

CISTE OIDHREACHTA HERITAGE FUND
Ag treisiú le tógáil na Gaeilge
Seachtain na Gaeilge le energia
Foras na Gaeilge
arts council of Northern Ireland
COMMUNITY FUND
Conradh na Gaeilge
FÉILE AN EARRAIGH
Féile an Phobail
IRELAND'S BIGGEST COMMUNITY ARTS FESTIVAL